

# P. O'CONNOR & SON

*solicitors*

*notary public*

**Swinford** County Mayo **telephone** 094 9251333 **telefax** 094 9251833

**e-mail** law@poconsol.ie • **website** www.poconsol.ie • **dx** 52 001

## DO THREOIR CHUN TEACH A CHEANNACH

### Tá teach á cheannach agam – cathain ar cheart dom labhairt le m'aturnae?

Tá teach a cheannach ar cheann de na cinntí is tábhachtaí a dhéanfaidh tú riamh. Ba cheart duit labhairt le d'aturnae a luaithe a chinneann tú chun ceannach. Níor cheart duit tairiscint a dhéanamh ag ceant gan labhairt le d'aturnae ar dtús.

### Airgeadas

Má tá iasacht bhainc á fáil agat, labhair le d'aturnae sula síníonn tú tairiscint na hiasachta.

Nuair a cheannaíonn tú teach, bíonn costais bhreise ann, ar nós dleacht stampála, táillí clárúcháin, táillí cuardaigh agus suirbhéanna – féadfaidh d'aturnae comhairle a chur ort maidir leo seo.

### Suirbhé

Má tá teach athlámhe á cheannach agat, ba cheart duit iarraidh ar ailtire nó innealtóir tabhairt faoi shuirbhé struchtúrach sula síníonn tú an Conradh. I gcás teach nua, ba cheart duit iarraidh ar ailtire nó innealtóir cigireacht a dhéanamh ar an maoin agus liosta fabhtanna a chur le chéile.

### Conradh

Tabharfaidh aturnae an díoltóra conradh agus cáipéisí teidil do d'aturnae. Má bhíonn aon fhadhbanna leo, cuirfidh d'aturnae thú ar an eolas sula síníonn tú an conradh.

I ndiaidh an conradh a shíniú, déileálfaidh d'aturnae le haturnae an díoltóra agus an banc maidir le ceisteanna dlíthiúla.

### Ceisteanna neamhdhlíthiúla

Beidh ort déileáil go díreach leis an mbanc maidir le do theach agus árachas saoil, sainordú dochair dhíreach, agus d'aitheantas a sholáthar faoin dlí frithsciúrtha airgid. Beidh ort na fónais (gás, uisce agus leic-treachas) a aistriú isteach i d'ainm, freisin, sula mbogann tú isteach i do theach nua.

### Dúnadh

A luaithe a déileáladh leis na ceisteanna dlíthiúla agus neamhdhlíthiúla uile, iarrfaidh d'aturnae ar sheic na hiasachta agus 'dúnfar' an díol. Beidh tú in ann bogadh isteach i do theach nua ansin.

### Tuilleadh eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil, téigh chuig

[www.poconsol.ie/legal-services/property-law/](http://www.poconsol.ie/legal-services/property-law/)



LAW SOCIETY  
OF IRELAND

PRACTISING  
SOLICITORS

P. O'CONNOR & SON

*solicitors*

*notary public*



QUALITY  
I.S. EN ISO 9001:2015  
NSAI Certified